



■ Teideal Plean Scoile don Ghaeilge

■ Réamhráiteas

Chuir an foireann iomlán an plean seo le chéile . Ghlac gach muinteoir pairt sa phlean seo.

Rinneadh an plean seo:

Chun fócas a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil

Chun structúr daingean a bheith ar an nGaeilge sa scoil

Chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm

I dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang

Chun Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil

■ Fís agus Aidhmeanna

(a) Fís

Ar fhágáil na scoile dóibh, go mbéadh meas agus grá ag daltaí na scoile seo ar an nGaeilge ó thaobh teanga, cultúir, rince, filíocht, scéalaíocht agus ceol. Go mbéadh ar a gcumas comhrá agus cumarsáid bhunúsach a dhéanamh trí mheán na gaeilge.

(b) – An plean i gcomhthéacs na scoile:

Tá an scoil suite sa chathair. Tá suim mhór ag na hoidi i múineadh na Gaeilge, ach níl mórán speis ag na tuismitheoiri inti. Tá roinnt tuismitheoiri ó thiortha eile gan aon Gaeilge agus níl a lán Ghaeilge ag an gcúid is mó de na tuismitheoiri eile.

(c) Aidhmeanna:

- Úsáid na gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide sa cheacht gaeilge
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinin chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin agus don chineál scoile
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

Ábhar an Phlean

1. Curaclam na Gaeilge

1.1 *Cur Chuige Cumarsáideach: Lth 53-62 T. Línite*

- 1. Foghlaimeoirí naithe**
- 2. Béim ar chiall agus úsáid laethúil na teanga**
- 3. Foghlaimeoirí gníomhach**
- 4. Obair ghrúpa agus bheirte**
- 5. Pearsanú**
- 6. Gníomhaíochtaí céillí**
- 7. Bearnaí eolais**
- 8. Múintear an ghramadach de réir mar atá sé sa scéim gaeilge**
- 9. Tús áite do na feidhmeanna**
- 10. Dearcadh níos dearfaí leith earraidí**
- 11. Múintear na scileanna éagsúla le chéile oiread agus is féidir ar bhealach comhtháite.**

1.2 *Feidhmeanna Teanga:*

Tá forbairt déanta againn ar na heiseamláirí de na feidhmeanna ó náionaín go rang a sé agus rinneamar leasú ar na samplaí ón gcuraclam agus chuireamar na cinn atá in úsáid sa scéim Abair Liom/ Seo Leat. Tabharfar gach deis do na paistí iad a chleachtadh agus a úsáid trí rólímirt agus cluichí teanga.

Is é ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspoir éigin cumarsáide a bhaint amach. Beidh na feidhmeanna teanga i gceist i ngach snath den churaclam: Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt agus Scríbhneoireacht. Tá eiseamláirí de na feidhmeanna teanga in úsáid ag gach múinteoir ó na scéimeanna atá in úsáid acu, m. sh. Abair Liom/Seo leat Rangaítear iad i sé chatagoir feidhmeanna:

- 1. Caidreamh soisialta a dhéanamh**
- 2. Eolas a thabhairt agus a lorg**
- 3. Dearcadh a léiriú agus a lorg**
- 4. Dul i gcion ar dhuine**
- 5. Structúr a chur ar chomhrá**
- 6. Soiléiriú a lorg i gcomhrá**

1.3 *Snáitheanna an Churaclaim:* **Án Éisteacht**

- Éisteacht neamhfhoirmiúil gan dualgas
- Éisteacht go foirmiúil (Léiríonn an paiste a tuiscint ar bhri na cainte trí idirghníomhaíocht)

Labhairt
Léitheoireacht
Scríbhneoireacht

1.4 Comhtháthú na Snáitheanna:

Beidh comhtháthú idir éisteacht, léitheoireacht, labhairt agus scríbhneoireacht chomh minic agus is feidir sa cheacht Ghaeilge. Moltar gan tabhairt faoi léitheoireacht fhoirmiúil roimh Rang 2. Déanfar obair réamhléitheoireachta chun suim na daltaí a mhúscailt san fhocal clóbhuailte i rang a 1. Maidir leis an scríbhneoireacht tabharfaidh na daltaí faoi chleachtaí oiriunacha a bheith bunaithe ar ábhar éisteachta, cómhra, gramadaí agus léitheoireachta. Sna tascanna éisteachta iarrfar orthu pictiúr a tharraingt, ceisteanna a fhreagairt ó bhéal nó sa cóipleabhar.

Tús na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta

Déanfar obair réamhléitheoireachta chun suim na daltaí a mhúscailt san fhocal clóbhuailte. Baineadh úsáid as:

- Focal clóbhuailte sa seomra ranga agus sa timpeallacht
- Ordaithe agus fógraí sna haiteanna feiliúnacha sa rang agus sa scoil
- Lipéid ar na postaeir
- Liosta de fhrásaí éagsúla ag léiriú gníomhartha ar phictiúir nó ar phostaeir
- Abairtí iomlána ar taispeaint de réir mar a théann an scoilbhliain ar aghaidh
- Éistfear le scéalta, dánta agus leis na tascanna éisteachta agus sa tslí sin beidh búnchloch fhorbairt léitheoireacht a leagan síos.

Déanfar na treoracha simpli a mhúineadh trí ghníomhartha agus trí cluichí. Búnófar an scríbhneoireacht ar ghnéithe den éisteacht, den chómhra is den léitheoireacht atá déanta ag na paistí. Beidh orthú poncanna a cheangail, pictiúir a tharraingt agus a dhathú, pictiúir a mheaitseail agus difríochtaí a aimsiú. Tabharfar cleachtadh dóibh ar fhocail is ar litreacha a rianú agus ar bhearnai a lionadh.

Tús na Léitheoireachta: Rang 2

Bainfear úsáid as leabhair mhóra le téacs agus gan téacs.

Bainfear úsáid as an nuacht phearsanta mar scéal. (Treoirlínte 127)

Usáidfear an tearmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht m.sh feach ar an bpictiúr, oscail do leabhar 7rl.

Díreofar ar fhuaimneanna agus litreacha na gaeilge m.sh fuaimneanna mar an gcéanna sa dá theanga p,b,m,l,n,r, na gutaí fada agus na défhoghair (Lth 45)

Beifear ag cur leis an stór de ghnáthfhocail inleite ó thaithí na

bpáistí ar théacs, sa timpeallacht agus ar leabhair.
Beidh tascanna léitheoireachta ar siúl ag na páistí léigh agus tarraing pictiúr agus treoracha a léamh chun cluiche a imirt.
Scéalta agus dánta, An Múinteoir ag léamh.
Pictiúir a chur in ord, luaschártaí, focal a aithint trí leideanna a úsáid ó phictiúir, prionta sa seomra, fráschártaí, Bun os Cionn (Téacsleabhair)-Abairtí Abairtchártaí.

Scríbhneoireacht: Rang 2

Abair Liom (Léigh agus Scríobh Téacsleabhar)

- A (h)ainm féin a scríobh.
- Cleachtaí a bhaineann le tús na scríbhneoireachta a dhéanamh:

ag meitseail abairt le pictiúr agus á scríobh

ag cumadh abairtí as focalchártaí nó fráschártaí agus á scríobh.

- Pictiúr a tharraingt de rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis/lei agus lipéid a chur orthu
- Pictiúr a tharraingt a leiríonn mothúcháin agus lipéid a chur leo:

Áthas, brón, grá, eagla, ocras, tart, fuacht, teas, tinneas

- Liosta focal a scríobh:

liosta siopadóireachta

bréagáin don Nollaig

- Abairtí a chóipeáil, bearnaí a líonadh agus a scríobh agus bolgáin chainte a líonadh i gcartúin
- Abairtí simplí a scríobh bunaithe ar an téama
- Nuacht shimplí a scríobh
- Scríobh faoi phictiúir

lipéid, abairtí a chóipeáil agus a chumadh

- Scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsaid a chleachtadh

Cártaí d'ócáidí áirithe: lá breithe, an Nollaig, Lá Fhéile Pádraig

- Cleachtaí peannaireacht a dhéanamh

críochnaigh na habairtí, focail a chur in abairtí.

Scéal an gComhrá a scríobh i gcóipleabhair gaeilge,

críoch a chuir le scéil.

Rang 3 agus 4

Léitheoireacht Lth 57/58

Breis tearmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht m.sh. bun, barr 7rl

Tearmaíocht a bhaineann le leabhair m.sh. clúdach, údar

Cur leis an stór de ghnáth fhocail inléite

Focail a aithint tré leideanna, pictiúir, agus comhthéacs na gaeilge

Breis oibre ar fhuaimneanna na gaeilge agus fuaimeanna atá sa

Ghaeilge nach bhfuil sa bhéarla

An teacs a phlé, ceisteanna agus an chuid eile den scéal a thuar (prediction)

Treoracha a léamh chun dathú agus tarraingt

Treoracha do chluichí boird a léamh

Ábhar dílis ag leibhéal in oiriúint do na páistí m.sh. oideas
cocaireachta

leabhar beag a bhaineann leis an scéim(3rd-4th) a léamh ós ard agus go ciúin
Tascanna léitheoireachta (samplaí T. Línte 135-138)
Comhartha agus cárteanna sa timpeallacht.
Frasaí na seachtaine.
Leabhair breise

Seo Leat: Dánta

Dramaí
Scéalta
Scríobhneoireacht an pháiste.
Amhráin – sa chóipleabhar
Foclóir a léamh - Bingo
Litriú

Scríobhneoireacht

cluichí taitneamhacha focal a imirt m.sh. an crochadóir,
crossfhocal, tóirfhocal
Cleachtaí scríobhneoireachta a dhéanamh m.sh. abairtí a iomlánú,
abairtí simplí a scríobh
Abairtí le pictiúir a chur san ord ceart chun scéal simplí a scríobh
Creatlacha réamhcheaptha a chóipeáil agus a iomlánú
Focail a scríobh ó chuimhne
Scríobhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a dhéanamh m.sh.
ainm i nGaeilge ar chóipleabhar, cuirí, cártaí Gaeilge d'ócáidí
speisialta, nótaí
Scríobh faoi phictiúir: frásaí, cuntais
Scéalta simplí a chríochnú
Scríobh faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil m.sh.
dialann pearsanta nó ranga a choimeád, eachtraí taitneamhacha
agus greannmhara
Scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha m.sh. Lá Fhéile Pádraig --
Cartaí chuig páistí i scoil eile
Feabhas a chur ar a c(h)uid iarrachtaí pearsanta trí athdhréachtú
m.sh. athléamh, ceartú, athscríobh, poncaíocht, peannaireacht
Úsáid a bhaint as cláir oiriúnacha réamhullmhaithe don ríomhaire
Pearsanta
Poncaíocht a úsáid chun cur le soiléireacht na scríobhneoireachta
m.sh. ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg, an comhartha ceiste
Tabhairt faoi litriú na Gaeilge go muiníneach
Tascanna Gramadaí
Tascanna i Seo Leat agus Fuaimeanna agus Focail m.sh. Bingo,
scríobh na diffriochtaí
meaitscéail, cuir san ord ceart, drama, scríobh cur síos, litir
ceist agus freagraí

Rang V agus Rang VI

Leitheoireacht Lth 71/73

Breis tearmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht m. sh. Tús an chead ailt 7rl

Foclóir pearsanta níos leithne a chur le chéile ó théacs sa timpeallacht agus óna thaithí ar leabhair

Leideanna a úsáid chun brí a bhaint as an téacs

Straitéisí léitheoireachta a chleachtadh (Lth 72) m.sh. gnáth léitheoireacht

Stracfheachaint

Breise oibre ar na fuaimanna

Focail a aithint tré iad a bhriseadh i siollaí

An téacs a phlé, ceisteanna ó bhéal a chur agus a fhreagairt

Treoracha do chluichí boird, puzail, crosfhocail

Ábhar dílis m.sh. nuachtán (Breacadh) scéalta simplí béaloideas

Téacs difriúl m.sh. dánta, amhraín 7rl

Ábhar céimithe léitheoireacht ós ard go ciúin

Scribhneoireacht

Foclóir nua, agallamh beag, fógraí, scéal, dán.

Líonadh bearnaí

Críochnaigh na habairtí

Cárta poist litir, cuireadh chuig páistí eile

Fagraí dearfacha nó diúltacha a fhorlíonadh

Saorscribhneoireacht

Seans a thabhairt do pháistí saor-scribhneoireacht a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Cuirtear feabhas ar iarrachtaí pearsanta trí ceartú, litriú, gramadach agus peannaireacht. Foilsimid iarrachtaí na bpáistí sa rang ó am go ham. **Tarlaíonn sé seo sna hárd ranganna níos mó ná na**

bunrnganna.

1.5 Téamaí, Straitéisí agus Módhanna Múinte:

Féach ar na billeóga istigh sa bpléan. Beidh na múinteoirí ag baint úsáid as straitéisí agus módhanna múinte éagsúla chun suim a mhúscailt agus a fhorbairt. m. sh. Is féidir leis an múinteoir na módhanna a fheileann do na gnéithe difriúla den chur chuige a roghnú

Is iad na modhanna múinte ná: (Lth. 64 Treoirlíte)

- An modh díreach
- Modh na sraithe
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- An modh closlabhartha
- An modh closamhairc
- Modh na ráite

Is iad na straitéisí ná: (Lth. 67 Treoirlíte)

Focal clóbhuailte sa seomra ranga agus sa timpeallacht

Ordaithe agus fograí sna háiteanna feiliúnacha sa rang agus sa

scoil

Lipéid ar na postaeir

Rannta, dánta, cluichi teanga, amhráin, drámáíocht, scéalaíocht, druileanna, dlúthdhioscai, , comhrá beirte, comhrá grúpa, seanfhocail.

Cluichi éagsúla m.sh.Caith an disle, Cé mise? Feicim le mo shúilín.....

Deir O’Grádaigh..... agus rl.

Nótaí ar forbairt na héisteachta agus ar labhairt na teanga ó PCSP Instituid Teangeolaíochta Éireann

1.6 *Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:*

Beidh an Gaeilge á úsáid go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is feidir i rith an lae taobh amuigh den cheacht Gaeilge, m. sh. ag am rolla, ag am sosa agus ag am lóin, chun ceist a chur, chun a achainiocha, a raitis agus a ghearáin a rá as gaeilge. Chomh maith leis sin beidh seans ag an bpáiste an teanga a úsaideann sé/si chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa cheacht foirmiúil gaeilge a chleachtadh go neamhfhoirmiúil sa chaint.

Féach ar an gclár atá lúaithe

Téamaí:

Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa Churaclam. Déantar iarracht an ábhar teagaise a bhunú ar na téamaí seo leanas agus fóthéamaí a fhásann uathu siud.

1. Mé féin
2. Sa bhaile
3. An scoil
4. Bia
5. An teilifis
6. Siopadóireacht
7. Caitheamh aimsire
8. Éadaí
9. An aimsir
10. Ócáidí speisialta

- Bíonn “frásai na seachtaine” le fhoghlaim ag gach rang tríd an scoil freisin.
- **Bíonn “cruinniú gaelach” ar siúl. Tagann gach rang le chéile san halla.**
- Bíonn “seachtain na Gaeilge” i Mí Márta.
- Bíonn postaeir le tharraingt agus bíonn **“Tráth na gCeist” ar siúl**

Án Éisteacht

Go neamhfhoirmiúil

-
Beidh neart cleachtadh ag na páistí ar a bheith ag éisteacht leis na Muínteoirí ag usáid Gaeilge i rith an lae agus iad i mbun an ranga. Bainfear usáid as an idirlinn, físteipeanna, dluthdhioscaí, rannta, dánta agus

scéalta chun go mbeidh taithí ag na daltaí ar a bheith ag éisteacht leis an ngaeilge trí bhealaí eile.

Éisteacht go foirmiúil (Léiríonn an paiste a tuiscint ar bhri na cainte trí idirghníomhaíocht)

Naíonaín (32 – 33 den churaclam)

Cuirfear béim ar ghníomhaíochtaí ar nós:

- éist agus tarraing
- éist agus dathaigh
- éist agus treoracha a leanúint
- éist agus meaitseáil
- éist agus aimsigh

Rang a 1 agus 2 (40-41)

Neamhfhoirmiúil:

Tús an lae, am rolla, am sosa, am lón, ag dul abhaile, sa chlós agus fite fuaite tríd an lae.

Na gníomhaíochtaí mar a bhí do na naíonaín ach ag leibhéal a bheas oiriúnach do aois na bpáistí.

Ag an aois ghrúpa seo cuirfear béim ar cheisteanna réamh eisteachta. Bainfear usáid as dánta agus teipeanna chun cur leis a bhfograíocht.

Foirmiúil:

Comhrá, méadú fóclóra, dluthdhiosca, amhráin, rannta, tascanna éisteachta, guthanna difriúla a aithint, drámaí puipead, treoracha, scéalta aitheanta, cruinniú gaelach.

Rang a 3 agus 4 (52-53)

Neamhfhoirmiúil:

Tús an lae, am rolla, am sosa, am lón, ag dul abhaile, sa chlós, cruinniú gaelach, cuairteoirí agus tríd an lae.

Beidh na tascanna éisteachta thuas á ndéanamh ag na páistí le dushláin níos deacra. Beidh gníomhaíochtaí breise ar siúl ar nós:

Éist agus tomhas

Cluiche Bingo (Treoirinte 81,82)

Éisteacht agus ceisteanna a fhreagairt

Éisteacht agus mím a dhéanamh

Éisteacht agus eolas a chláriú tré tic a chur i mbosca.

Éisteacht le píosa ar cd agus focal no nóta a scríobh

Beidh ceisteanna réamh éisteachta, le linn éisteachta agus iar éisteachta le freagairt ag na paistí.

Foirmiúil:

An muinteoir ag caint agus ag léamh, cluichí teanga, scéalaíocht, ag caint le chéile agus i ngrupaí, dramaí, pictiúir a tharraingt, C.D. /teipeanna agus **Tráth na gCeist**

Gníomhaíochtaí Éisteachta Rang a trí

Ceacht : An Leon

Ceacht 2: Bolgáin Aeir

Ceacht 3:Creatlach

Ceacht 4:Béar na Meala

Ceacht 5:Coiléan

Ceacht 6:An Fear Sneachta

Gníomhaíochtaí Éisteachta Rang a ceathair

Ceacht 1 : Coinín na Casca

Ceacht 2:An Fear grinn

Ceacht 3:An Foghláí Mór

Ceacht 4:Am Folctha

Ceacht 5:Bia

Ceacht 6:Caisleán Gaineamh

Tá ordaithe tugtha i ngaeilge.

Mar shampla: Scríobh d’ainm ag bun/ag barr/idir/in aice/os cionn/ar an

Cuir dath.....ar.....

Cuir ciorcal timpeall an.....

Tarraing.....

Má cheapann tú.....

Tarraing pictiúr os cionn an.....

Measúnú Foirmiúil. Triail A / Triail B / Triail C (Seo Leat)

Rang a 5 agus 6

Neamhfhoirmiúil:

Tús an lae, am rolla, am sosa, am lón, ag dul abhaile, sa chlós, cruinniú gaelach, cuairteoirí agus tríd an lae.

Beidh na gníomhaíochtaí mar atá ann do rang 111 agus 1V le tuilleadh dushláin/treoracha níos casta.

Tráth na gceist

Dírú ar chumas géar eisteachta na bpáistí a fhorbairt chun go mbeadh tuiscint acu ar chonsain sheimhíthe agus le urú.

Foirmiúil:

Cluichí teanga, scéalaíocht, tomhais, seanfhocail, mím a dhéanamh,

amhráin, pictiúir a tharraingt, rannta, cruinniú gaelach, dramaí, agallamh eatharthu féin, agallamh idir an muinteoir agus an dalta, cur síos a thabhairt, An muinteoir ag caint agus ag léamh. Teilifís na Gaeilge, fiseáin. Dlúthdhiosca - Seo Leat

Gníomhaíochtaí Éisteachta Rang 5 agus Rang 6.

Féach! Éist! Smaoinigh (aistrúchán ó Prim-Ed)

Cluichí tuisceanna agus cumarsáide do dhaltáí

Téasc :Nóirín Ní Nuadháin

Pictiúir : Des Langford

Labhairt:

Go neamhfoirmiúil:

Beidh na múinteoirí ag baint usáide as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae ach go speisialta ag tús an lae, am sosa, am lóin agus am dul abhaile. (Féach bileog A sa phlean) Beidh gach spreagadh á thabhairt do na páistí cumarsáid a dhéanamh – bainfear usáid as rannta, amhráin, scéalta, puipeíd, tomhaiseanna, rabhlóga, fiseáin, seanfhocail, ceol, rólghlacadh a chleactadh i suímh éagsúla, cruinniú gaelach, páirt a ghlacadh i dramaíocht, ceisteanna a chumadh agus a fhreagairt, cluichí le treoracha ó pháiste eile agus damhsaí gaelacha chun a teanga a chur i láthair na bpáistí.

Go foirmiúil: Naíonáin Lth 33/34 den churaclam

Beidh an chaint bunáithe ar an 10 dtéama mar atá sa churaclam agus fothéamaí a bhfuil suim ag na páistí iontu. Beidh deiseanna ag na Naíonáin:

- an nuacht shimplí a insint
- scéalta beaga gearra a insint msh. Mo Bhreithlá
- rólímirt shimplí ar nós – sa siopa, sa scoil 7rl
- cluichí teanga simplí ar nós – Cé hé mise?, cluiche Kim, Cád ata sa mhála?, Cém tam é a mhactíre?

Go foirmiúil: Rang 1 agus 2 Lth 42/43 den churaclam

Is iad na ceachtanna foirmiúla mar atá leagtha amach sa scéim Abair Liom atá in usáid againn sa scoil. Tá fothéamaí agus topaicí suimiúla roghnaithe do na ceachtanna.

Beidh forbairt agus tógáil ar an obair a rinneadh ag léibhéal na Naíonáin.

Beidh béim ar:

- an nuacht phearsanta ó bhéal á insint ag na páistí
- scéalta a insint
- cluichí teanga mar a bhí sna naíonáin agus cinn nua –

cluiche cuimhne (Chuaigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé....)
Cá bhfuil sé? Lth 79 Treoirlínte

Aimsigh agus labhair

Pictiúir a usáid chun suíomh a chur in iúl

Ar, sa, faoi, idir ag

Feicim le mo shuílín agus cinn ón scéim Abair Liom

Go foirmiuil: Rang 3 agus 4 Lth 55/56 den churaclam

Tá na ceachtanna agus na topaicí mar ata leagtha amach sa scéim Seo Leat in úsáid sna meánranganna. Beifear ag tógáil ar an bhfoclóir/feidhmeanna teanga a d'fhoghlaim siad go dtí seo.

- Ag an léibheál seo beidh béim ar an nuacht phearsanta, nuacht na scoile agus timpeallacht na scoile
- Scéalta a athinsint in a bhfocail féin, ceisteanna a fhreagairt agus rólímirt a dhéanamh orthu
- Rólímirt bunaithe ar na téamaí/fothéamaí
- Cluichí teanga (lth 82,83 den treoirlínte)
Aimsigh na difríochtaí
Cad a rinne tú?
Pictiúr a líonadh/chríochnú ó threoracha ó bhéal
- Díriú ar threoracha/ordaithe
- Comparaídí a dhéanamh msh mór – níos mó, beag – níos lú
- Na forainmeacha: orm, liom, dom, agam 7rl
- Focail cháilítheacha a úsáid – mór, millteach, ard, tannaí 7rl

Béim ar an aimsir chaite

Gramadach Rang 3

<p>Ceachtanna 1-5 An bhfuil tú? Táim Nílím (Tá mé) (Níl mé)</p>	<p>Ceachtanna 11-15 Uimhreacha-Ord Aon, dó, trí.....deich Uimhreacha Pearseanta Duine,beirt,triúr....deichniúr</p>
<p>An maith leat? Is maith liom Ní maith liom Is breá liom</p>	<p>An maith leat? Is maith liom Ní maith liom Is breá liom Is fearr liom</p>
<p>Sa + h Sa bhosca sa charr sa chófra Sa chiseán sa ghairdín</p>	<p>An tAm A haon a chlog, a dó a chlóg, a trí a chlog.....a deich a chlóg</p>
<p>Ar + h Ar Bheití ar Shadhbh ar Phiobar Ar Dhaidí ar Fhionn</p>	<p>Do +h Do Bhágún do Cholm Do Phiobar do Shadhbh</p>
<p>Faoin + urú Faoin mbórd faoin gcathaoir</p>	<p>An mbeidh? Beidh Ní bheidh</p>
<p>Seo Leat Siar A</p>	<p>Seo Leat Siar C</p>
<p>Ceachtanna 6-10</p>	<p>Ceachtanna 16-20</p>
<p>An maith leat? Is maith liom Ní maith liom Is breá liom Is fearr liom</p>	<p>..mar.. An bhfuil....? Tá mar..... Níl mar.....</p>
<p>Ar mhaith Leat?</p>	<p>Sa+ h</p>

Ba mhaith liom Níor mhaith liom	Sa bhosca sa chiséan sa ghairdín Sa mhála sa pholl
An raibh? Bhí Ní raibh	Cá bhfuil? Tá Níl B'fhéidir go bhfuil...
Sa + h Sa bhosca bruscair sa phóca Sa chófra	Orduithe do dhuine aonair Dún an.... Glan an....Scuab an.... Tóg amach an.... Stop den....
Mothúcháin Tá áthas orm. Tá brón orm. Tá inní orm. Tá eagla orm. Tá náire orm. Tá díoma orm.	Orduithe do ghrupaí Dúnaigí an.... Glanaigí an.... Scuabaigí an.... Tógaigí amach an.... Stopaigí den.....
Seo Leat Siar B	Forainm Réamhfhoclach Liom,leat,leis,léi.....Dom,duit,dó....

**Béim ar an aimsir láithreach
Gramadach Rang 4**

Ceachtanna 1-5	Ceachtanna 11-15
An maith leat? Is maith liom. Ní maith liom. Is breá liom.	Uimhreacha- Ord Áthas an domhain brón an domhain ocras an domhain tart an domhain fearg an domhain eagla an domhain tuirse an domhain
An raibh? Bhí Ní raibh	Rug....ar Ghlaigh....ar Thug...do
Ar mhaith leat? Ba mhaith liom. Níor mhaith liom. Ba bhreá liom.	Forainm Réamhfhoclach Ag: agam agat aige aici Ar: orm ort air uirthi
Réamhfhocal+urú Ar an gcathaoir faoin mbord Ag an gcrann as an mbosca Thar an mballa	Uimhreacha Aon,dó,trí.....deich Uimhreacha Pearsanta Duine,beirt,triúr....deichniúr
Seo Leat Siar A	Seo Leat Siar C
Ceachtanna 6-10	Ceachtanna 16-20
Sa + h Sa bhosca sa charr sa ghairdín	An t-Am Cén t-am é?

Sa mhála sa pháirc	...a chlog. Ceathrú tar éis Leathuair tar éis...ceathrú chun....
Orduithe Bí Déan Dún Féach Glan Oscail Seas Suigh Tabhair Téigh Tóg Tosaigh	Mo + h Mo bhróg mo chat mo mhála Mo phóca mo gheansaí mo dhinnéar
Forainm Réamhfhoclach Le : liom leat leis léi Do: dom duit dó dí Ag: agam agat aige aici Ar: orm ort air uirthi	An ndeachaigh Chuaigh Ní dheachaigh
Na Séasúir agus na Míonna	An ndearna Rinne Ní dhearna
Seo Leat Siar B	Seo Leat Siar D

Go foirmiúil: Rang 5 agus 6 Lth 68/69 den churaclam

Is tógáil agus forbairt ar an obair a rinneadh go dtí seo a bhéas ar siúl. Tá na ceachtanna do na ranganna seo leagtha amach i Seo Leat

- Béim ar nuacht phearsanta, nuacht náisiúnta agus idir náisiúnta.
- Beidh túilleadh forbairt á dhéanamh ar an bhfoclóir a bhaineann leis na téamaí.
- Cluichí teanga mar a bhí á insint sna meánranganna agus roinnt cinn nua.
- Pictiúr a aimsiú ó chur síos.
- Fiche ceist/Cé hé mise?
- Suíomh/treo chun na réamhfhocail comhshuite a mhúineadh – ar, an, idir, in aice, trasna, isteach, istigh, amach, amuigh, thuas, thíos (Lth 69 den Cur.)
- Gnéithe eile a bhaineann le gramadach na Gaeilge: an ainm briathra, na briathra neamhrialta, uathu, iolra, ainmfhocail, comparáidí eile, forainmneacha breise agus focail chailítheach breise.
- Aimsear Chaite, Aimsear fhaistineach agus Aimsear láithreach na mbriathra a bhaineann leis na téamaí.

Béim ar an aimsir fháistineach

Gramadach Rang 5

Aonad 1 Buncheisteanna agus freagraí ag lorg eolais Cad is ainm duit? Cén scoil ina bhfuil tú? Conas tá tú? Cá bhfuil tú i do chónaí? Cén aois thú? Cé mhéad páiste atá i do	* Aonad 11 An Aimsir Fháistineach Briathra aon siolla
---	--

chlann? Cén rang ina bhfuil tú? Cén caitheamh aimsire is fearr leat?	
Aonad 2 Ceisteanna agus freagraí coiteanta sna haimsirí éagsúla. An raibh? Bhí Ní raibh An bhfuil? Tá Níl An mbíonn? Bíonn Ní bhíonn An mbeidh? Beidh Ní bheidh	*
Aonad 3 An Aimsir Chaite: Briathra aon Siolla caol agus Leathan m.sh Dhun mé/tú/sé/sí/sibh/siad Dhúnamar Bhris mé/tú/sé/sí/sibh/siad Bhriseamar	Aonad 13 Botúin choiteanta a cheartú Mo + séimhiú Ár + urú Meascán aimsirí Bhí eagla orm/ Bhí mé eagla x
Aonad 4 An Aimsir Chaite: Briathra dhá shiolla Caol agus Leathan m.sh Thosaigh mé/tú/sé/sí/sibh/siad Thosaíomar Bhailigh mé/tú/sé/sí/sibh/siad Bhailíomar	Aonad 14 An Aimsir Chaite agus an Aimsir Fháistineach Briathra Rialta-caol agus leathan-ag tosú le consan, le guta, le "f"
Aonad 5 Botúin choiteanta a cheartú Sa + h Aimsirí na mbriathra Caol le caol, leathan le leathan Go dtí an/ in ionad go dtí sa x	Aonad 15 An Aimsir Chaite agus an Aimsir Fháistineach Briathra Neamhrialta
Aonad 6 Na briathra Rialta: An Aimsir Chaite Briathra aon siolla Briathra dhá shiolla Briathra ag tosú le guta Briathra ag tosú le "f"	Aonad 16 Aidiachtaí: Contrárthachtaí Beag/mór glan/salach ramhar/tanaí sean/óg
Aonad 7 Na Briathra Neamhrialta: Aimsir Chaite Ceisteanna agus Freagraí, Dearfa agus diúltach	Aonad 17 Botúin choiteanta a cheartú Sa phóca D'fhan Meascán aimsirí: an raibh....an bhfuil /Gheobhaidh...amárach....
Aonad 8	Aonad 18

<p>An Modh Orduitheach:Orduithe Bailigh..Cas...Cuir...Dún...Éist... Féach Múch...Oscail...Pioc...Scríobh...S uigh.. .Seas...Tabhair..Téigh...Tóg..To saigh</p>	<p>Aimsir Chaite, Aimsir Láithreach , Aimsir Fháistineach Na Briathra Neamhrialta An foirm cheisteach den mbriathar..An féidir liom..a bhailiú?/a chur?/a dhúnadh?/a thógáil?/dul....</p>
<p>Aonad 9 Botúin choiteanta a cheartú D'...roimh guta Réamhfhocal agus urú Ní dheachaigh √ Níor dheachaigh x</p>	<p>Aonad 19 *Na Briathra Rialta:An Aimsir Fháistineach Ceisteanna agus freagraí, dearfa agus diúltach An dtógfaidh Tógfaidh Ní thógfaidh An gcuirfidh Cuirfidh Ní chuirfidh</p>
<p>Aonad 10 An Aidiacht Shealbhach Mo do a +séimhiú Ár bhur a + urú</p>	<p>Aonad 20 *Na Briathra Neamhrialta:An Aimsir Fháistineach Ceisteanna agus freagraí, Dearfa agus diúltach An ndéarfaidh Déarfaidh Ní déarfaidh An mbéarfaidh Béarfaidh Ní bhéarfaidh An mbeidh Beidh Ní bheidh An gcloisfidh Cloisfidh Ní chloisfidh</p>
<p>Béim ar an aimsir chaite,láithreach agus fháistineach Gramadach Rang 6</p>	
<p>Aonad 1 Aimsirí na mBriathra Na briathra a luaitear i C: Briathra Beo a úsaid agus a scríobh sa Aimsir Chaite, san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach Orduithe: Bí Ná bí / Bígí Ná bigí m.sh. Ná bí buartha. Ná bigí ag pleidhcíocht</p>	<p>* Aonad 11 Na Briathra Rialta:An Aimsir Chaite,An Aimsir Láithreach,Aimsir Fháistineach Briathra Aon Siolla(Grúpa 1) Caol agus leathan. m.sh.Dhún mé Dúnaim Dúnfaidh mé Bhris mé Brisim Brisfidh mé *Na haimsirí éagsúla a úsaid go nádúrtha in obair ó bhéal agus in obair scríofa.</p>
<p>Aonad 2 Ceisteanna agus freagraí Cé? / Cá?</p>	<p>Aonad 12 Na Briathra Rialta:An Aimsir Chaite,An</p>

<p>/Cad?/Céard?/Conas?/Cathain?/Cén fáth?</p>	<p>Aimsir Láithreach, Aimsir Fháistineach Briathra Dhá Shiolla(Grúpa 2) Caol agus leathan. m.sh. Cheannaigh sé Ceannaíonn sé Ceannóidh sé Bhailigh sé Bailíonn sé Baileoidh sé * Na haimsirí éagsúla a úsáid go nádúrtha in obair ó bhéal agus in obair scríofa.</p>
<p>Aonad 3 An Aimsir Láithreach: Briathra Aon Siolla Caol agus Leathan m.sh Canaim Canaimid Canann tú/sé/sí/sibh/siad</p>	<p>Aonad 13 Na Briathra Neamhrialta Aimsir Chaite Aimsir Laithreach Aimsir Fháistineach Bhí sé,sí/Bíonn sé,sí/Beidh sé,sí Dúirt sé,sí/Deir sé,sí/Déarfaidh sé,sí Na briathra Déan/Beir/Faigh/Ith/Téigh/Clois//Feic/T ar/ Tabhair</p>
<p>Aonad 4 An Aimsir Láithreach: Briathra dhá shiolla Caol agus Leathan m.sh Tosaím Tosaímid Tosaíonn tú/sé/sí/sibh/siad Dúisím Dúisímid Dúisíonn tú/sé/sí/sibh/siad</p>	<p>Aonad 14 Aimsirí na mBriathra Na briathra a luaitear i C: Briathra Beo a úsáid agus a scríobh san Aimsir Chaite, san Aimsir Láithreach agus san Aimsir</p>
<p>Aonad 5 Aimsirí na mBriathra Na briathra a luaitear i C: Briathra Beo a úsáid agus a scríobh sa Aimsir Chaite, sa aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach</p>	<p>Aonad 15 Forainmneacha Réamhfhoclacha Le/ar/do/ag/ó/ de</p>
<p>Aonad 6 An Aimsir Chaite agus an Aimsir Láithreach: Briathra Rialta ag tosú le consan, le guta agus le 'f' Briathra Aon Siolla(Grúpa 1) Caol agus leathan Briathra Dhá Shiolla(Grúpa 2) Caol agus leathan m.sh. Ghlan mé Glanaim Dhúsigh mé Dúisím/ D'Fhan mé Fanaim</p>	<p>Aonad 16 Na Briathra Neamhrialta(Damhsa na mBriathra) *Aimsir Chaite, Aimsir Laithreach ,Aimsir Fháistineach Ceisteanna agus freagraí, Dearfa agus diúltach, Orduithe Bí An raibh tú /Bhí mé/Ní raibh mé An mbíonn tú/Bíonn mé/Ní bhíonn mé An mbeidh tú/Beidh mé/Ní bheidh mé Bí ! Bí! Bí!</p>
<p>Aonad 7 An Aidiacht Shealbhach Mo do a +séimhiú ár bhúr a +urú</p>	<p>Aonad 17 Aimsirí na mBriathra *Na briathra a luaitear i C: Briathra Beo a</p>

<p>m.sh.mo bhróga do bhróga a bhróga a bróga ár mbróga bhúr mbróga a mbróga</p>	<p>úsáid agus a scríobh san Aimsir Chaite,san Aimsir Laithreach agus san Aimsir Fháistineach</p>
<p style="text-align: center;">Aonad 8</p> <p>Réamhfhocail: ar an/faoin/ag an/ As an/go dtí an +urú m.sh.ar an gcathaoir/faoin mbord/ag an gcrann/as an mbosca,srl. den/sa +séimhiú m.sh.den bhalla , sa chófra</p>	<p style="text-align: center;">Aonad 18</p> <p>Orduithe agus freagraí san Aimsir Fháistineach Na Briathra Rialta agus na Briathra Neamhrialta: m.sh. Cuir... Cuirfidh mé... Oscail... Oslóidh mé.... Déan... Déanfaidh mé... Bí.... Beidh mé.....</p>
<p style="text-align: center;">Aonad 9</p> <p style="text-align: center;">Aimsirí na mBriathra</p> <p>Na briathra a luaitear i C:Briathra Beo a úsáid agus a scríobh san Aimsir Chaite,san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach An tAm: Ceisteanna ar an tAm a fhreagairt chun cleachtadh a fháil ar....a haon/a dó/a trí a chlog agus srl. Cúig tar éis,deich tar éis,ceathrú tar éis,fiche tar éis agus srl.</p>	<p style="text-align: center;">Aonad 19</p> <p>Aidiachtaí :Contrárthachtaí Láidir/lag tapa/mall lán/folamh saibhir/bocht glan/salach sean/óg Ard/íseal ramhar/tanaí Treisiú na nAidiachtaí Glan/an ghlan/róghlan Beag/an-bheag/róbheag Fuar/an-fhuar/rófhuar</p>
<p style="text-align: center;">Aonad 10</p> <p style="text-align: center;">Aimsirí na mBriathra</p> <p>Na briathra a luaitear i C:Briathra Beo a úsáid agus a scríobh san Aimsir Chaite,san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach. Athdhéanamh ar na briathra agus ar na haimsirí ó Cheacht 1 go Ceacht 9</p>	<p style="text-align: center;">Aonad 20</p> <p>Orduithe Abair le Hollaí an leabhar a léamh. Léigh an leabhar. Abair le Learaí an bord a ghlanadh. Glan an bord. Abair le Colm an doras a oscailt. Oscail an doras.</p>

2. Pleanáil Eagraíochta

2.1 Pleanáil an Mhúinteora:

Tá baint ag gach múinteoir le pleanáil múineadh na Gaeilge sa scoil. Tá plean leagtha amach ag gach múinteoir don rang atá a mhúineadh aici/aige de réir na snaitheanna agus búnaithe ar an scéim Abair Liom agus Seo Leat atá in úsáid sa scoil.. Tá na snaitheanna lúaithe sa chúntas miosúil ag gach múinteoir. Leanann

pleanáil an mhúinteora an treoir atá tugtha sa plean scoile.

2.2 *Áiseanna:*

Bainfidh na hoidí úsáid as aiseanna éagsúla chun na paisti a spreagadh, m. sh.clár bán, leabhair, leabhair mhóra, púipéad, bréagáin, bosca éadaigh, riomhaire, scannáin, pictúir, postaeir, video, cláracha teilifíse, teipeanna agus fiseán. Baintear úsáid chomh maith as na haiseanna a tagann leis an scéim.

2.3 *Éagsúlacht Cumais:*

Is féidir le paistí a bhfuil diolúine acu éisteacht sa seomra ranga agus pé pairt is féidir leo glacadh i gcluichí, rannta agus cleachtaí oiriúnacha. Déantar gach iarracht go mbeidh na paistí a theann go dtí na múinteoirí Tacaíocht Foghlama agus Acmhainní pairteach san obair ó bhéal sa rang Ghaeilge i rith na seachtaine. Tá scéim oiriúnach do gach leibhéal in áit. Leanann an scoil na treoireacha ón Roinnt Oideachas.

2.4 *Comhtháthú le hÁbhair eile:*

Tá an Ghaeilge agus an Ceol chomhtháite mar go bhfuil béim ar amhráin Ghaeilge agus ar an bhfilíocht i gcoitinne. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh baint idir an Drámaíocht agus Corpoideachas freisin. Tá baint idir an cultúir agus gaeilge trí an stair, an tíreolaíocht agus an Learn Together.

2.5 *Measúnú:*

Beidh na múinteoirí ag déanamh forbairt na daltaí a mheasanú de shíor i rith na bliana An litriú a sheiceáil go minic i rith na seachtaine

- Scrudaithe ó rang 3 go rang 6
- Dirbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Cóipleabhair agus obair an pháiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir.
- **Measúnú Foirmiúil de réir lámh leabhar an oide agus leabhair saothair na daltaí.**
- **Sna naonáin tá measúnú ó bhéal déanta gach téarma (Samhain/Nollaig/Feabhra/Cáisc/Samhradh). Chomh maith le sin bíonn measúnú neamhfhoirmiúil ag deireadh gach téama.**
- **Ó rang 3-rang 6 measúnú ag deireadh gach téarma bunaithe ar obair ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Gach seachtain bíonn litriú agus abairtí ó ‘Fuaimneanna agus Focail.’. Bíonn measúnú ó bheal ar siúil ag an múinteoir go rialta in obair ghrúpa ranga agus in obair bheirte.**

2.6 *Obair Bhaile:*

Tugtar obair bhaile Ghaeilge ó rang 2 go rang 6. Braitheann an

méid oibre agus an t-ábhar ar an gceacht a mhúintear i rith an lae.

2.7 Forbairt Foirne:

Ghlac gach múinteoir pairt sna laethanta inseirbhís i nGaeilge.

2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:

Déantar iarracht suim na tuismitheoirí a mhuscailt tri na cruinniú ranga ag tús na bliana. Cuireann na múinteoirí an clár atá ar súil sa rang in iúl dóibh. **Téann “frásaí na seachtaine” abhaile sa Nuacht litir gach Déardaoin.** Iarrtar ar na dtuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu cabhair a thabhairt do na daltaí an gaeilge a úsáid. Spreagtar iad féachaint ar T na G.

2.9 Comhionannas:

Tugtar an seans chéanna do chuile dalta sa scoil pairt a ghlacadh I bhfoghlaím na gaeilge **seachas na páistí nach bhfuil orthu gaeilge a fhoghlaim..**

Critéir Rathúlachta

Usáidfidh na muinteoirí an plean chun treoir chinnte a thabhairt doibh agus iad ag pleanáil. Déanfaidh an príomhoide deimhin de go bhfuil an plean á leanúint ag gach leibhéal tríd an scoil. Má bhíonn taitneamh á fhail ag na páistí as foghlaim na Gaeilge agus iad sásta í a usáid beidh muid féin mar fhoireann sásta go bhfuil an plean ag obair.

Athbhreithniú

(a) Rólanna agus freagracht:

Tá an plean á leanúint faoi lathair.

(b) Spriocdháta don athbhreithniú:

Beidh athbhreithniú déanta ar an bplean ag deireadh na bliana **2019**. Beidh an príomhoide í bhfeighil ar.

Daingniú agus Cumarsáid

Ghlac an Bord bainistíochta leis an plean ar an ?

Inseoidh comhairle na tuismitheoirí agus muinteoirí (PTA) le tuismitheoirí agus rachaidh comhairle na ndaltaí i dteangmháil leis na daltaí eile.